CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/2271 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Deireadh Fómhair 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir leis na cásanna comhlíonta ACCC/C/2008/32, ACCC/C/2015/128, ACCC/C/2013/96, ACCC/C/2014/121 agus ACCC/C/2010/54

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Feabhra 2005, rinneadh Coinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil ("Coinbhinsiún Aarhus") ([1]) a fhormheas, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, le Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle ([2]).

(2) Chuir an tAontas oibleagáidí Choinbhinsiún Aarhus chun feidhme a mhéid a bhaineann lena institiúidí agus lena chomhlachtaí, go suntasach trí bhíthin Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) De bhun Airteagal 15 de Choinbhinsiún Aarhus, bunaíodh an Coiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus ("an Coiste um Chomhlíonadh"), ar coiste é atá inniúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu an gcomhlíonann na Páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus a n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún sin.

(4) Le linn an seachtú seisiún a bheidh aige an 18-20 Deireadh Fómhair 2021, tá Cruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus ("Cruinniú na bPáirtithe") le cinneadh VII/8f a ghlacadh maidir le cé acu an gcomhlíonann an tAontas a chuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Aarhus ag ("cinneadh VII/8f"), lena n-áirítear, go háirithe, torthaí agus moltaí de chuid an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2008/32 agus i gcás ACCC/C/2015/128. Cumhdaítear le Cinneadh VII/8f freisin torthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcásanna ACCC/C/2013/96 agus ACCC/C/2014/121 agus sa tuarascáil maidir le cur chun feidhme iarraidh ACCC/M/2017/3 i ndáil le Cinneadh V/9g (cás ACCC/C/2010/54).

(5) Cuirfear na torthaí i gcásanna ACCC/C/2008/32, ACCC/C/2015/128, ACCC/C/2013/96 agus ACCC/C/2014/121 faoi bhráid Chruinniú na bPáirtithe trí bhíthin Chinneadh VII/8f faoina bhfaighidís stádas mar léirithe oifigiúil ar Choinbhinsiún Aarhus, agus faoina mbeadh siad ina gceangal ar na Páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus agus ar chomhlachtaí Choinbhinsiún Aarhus.

(6) An 17 Márta 2017, chuir an Coiste um Chomhlíonadh a thorthaí faoi bhráid an Aontais i gcás ACCC/C/2008/32 maidir le rochtain ar an gceartas ar leibhéal an Aontais. I mír 123 dá thorthaí, chinn an Coiste um Chomhlíonadh "nach gcomhlíonann an Páirtí lena mbaineann Airteagal 9, mír 3 agus mír 4, den Choinbhinsiún maidir le rochtain ar an gceartas ag an bpobal ar an ábhar nach ndéanann Rialachán Aarhus ná dlí-eolaíocht CBAE na hoibleagáidí a eascraíonn as na míreanna sin a chur chun feidhme ná a chomhlíonadh.".

([1]) IO L 124, 17.5.2005, lch. 4.

([2]) Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (IO L 124, 17.5.2005, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO L 264, 25.9.2006, lch. 13).

(7) Tar éis dó Coinbhinsiún Aarhus a shíniú, rinne an tAontas Dearbhú, a rinneadh an athuair agus Coinbhinsiún Aarhus á fhormheas aige, lenar cuireadh comhlachtaí Choinbhinsiún Aarhus ar an eolas maidir leis an méid seo a leanas "laistigh de chomhthéacs institiúideach agus dlíthiúil an Chomhphobail […] cuirfidh institiúidí an Chomhphobail an Coinbhinsiún i bhfeidhm laistigh de chreat a rialacha atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir le rochtain ar dhoiciméid agus rialacha ábhartha eile maidir le dlí an Chomhphobail sa réimse a chlúdaítear leis an gCoinbhinsiún.".

(8) Tá an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ina chomhlánú ar chóras foriomlán an Aontais um athbhreithniú breithiúnach lena gcuirtear ar chumas an phobail a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar ghníomhartha riaracháin trí agóidí breithiúnacha díreacha ar leibhéal an Aontais, eadhon faoi Airteagal 263, an ceathrú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus, i gcomhréir le hAirteagal 267 CFAE, trí tharchur chun réamhrialú arna dhéanamh ag cúirteanna náisiúnta, ar cuid dhílis iad de chóras an Aontais faoi na Conarthaí. Tá ról sár-riachtanach sa chóras sin ag inniúlacht na gcúirteanna náisiúnta ceisteanna a tharchur chun réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Faoi Airteagal 267 CFAE, is dlúthchuid de chóras cosanta breithiúnaí an Aontais iad cúirteanna náisiúnta na mBallstát ina gcáilíocht mar ghnáthchúirteanna dhlí an Aontais ([4]).

(9) Agus na hábhair imní a chuir an Coiste um Chomhlíonadh in iúl i gcás ACCC/C/2008/32 á gcur san áireamh, an 14 Deireadh Fómhair 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ("an leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006"). Tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú polaitiúil maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 a leasú an 12 Iúil 2021. Áiritheofar le leasú Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 go bhfuil dlí an Aontais i gcomhréir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil ar bhealach atá ag luí le bunphrionsabail dhlí an Aontais agus lena chóras athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

(10) Chuir an Coimisiún an Coiste um Chomhlíonadh ar an eolas faoi shonraí an chomhaontaithe pholaitiúil maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 a leasú agus sholáthair sé an leagan comhdhlúite de théacs an leasuithe don Choiste um Chomhlíonadh. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an Coiste um Chomhlíonadh ar an eolas faoi na céimeanna a bheidh ann ina dhiaidh sin den nós imeachta reachtach agus go bhfuiltear ag súil le teacht i bhfeidhm an leasaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ar a dhéanaí i dtús mhí na Samhna 2021. Dá bhrí sin, ba cheart a chur in iúl i gCinneadh VII/8f gur díol sásaimh dó na bearta a tugadh isteach leis an leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 agus ba cheart a thabhairt ar aird, nuair a thiocfaidh an leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 i bhfeidhm, go bhfreagróidh sé go hiomlán do thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2008/32.

(11) An 17 Márta 2021, chuir an Coiste um Chomhlíonadh a chuid torthaí faoi bhráid an Aontais i gcás ACCC/C/2015/128. Chinn an Coiste gur sháraigh an tAontas Coinbhinsiún Aarhus toisc nár tugadh rochtain don phobal ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha le go bhféadfaí agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí maidir le bearta státchabhrach a rinne an Coimisiún.

(12) Agus ábhair imní agus torthaí an Choiste um Chomhlíonadh á n-aithint aige i gcás ACCC/C/2015/128, d'eisigh an Coimisiún ráiteas mar chuid den chomhréiteach as ar eascair an comhaontú polaitiúil maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 a leasú, inar gheall an Coimisiún an méid seo a leanas: "anailís a dhéanamh ar impleachtaí na dtorthaí agus measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an measúnú sin a chríochnú agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2022. Más iomchuí, faoi dheireadh 2023, cuirfidh an Coimisiún bearta chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, i bhfianaise na n-oibleagáidí atá ar an Aontas agus ar na Ballstáit faoi Choinbhinsiún Aarhus agus rialacha dhlí an Aontais maidir le státchabhair á gcur san áireamh.".

(13) Ba cheart don Aontas a dhearbhú go bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar impleachtaí thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh, measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil, an measúnú a chríochnú agus a fhoilsiú agus bearta a chur chun cinn, más iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a d'ardaigh an Coiste um Chomhlíonadh, laistigh de na hamlínte a léirítear sa ráiteas agus rialacha an Aontais maidir le státchabhair á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas torthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2015/128 a aithint agus a mholadh do Chruinniú na bPáirtithe go ndéanfar glacadh an tseasaimh maidir leis na torthaí sin a chur ar athló go dtí an chéad seisiún eile de Chruinniú na bPáirtithe, seachas torthaí an Choiste

([4]) Tuairim 1/09 ón gCúirt (an Chúirt Iomlán) an 8 Márta 2011, Tuairim a tugadh de bhun Airteagal 218(11) CFAE, ECLI:EU:C:2011:123, mír 80.

um Chomhlíonadh a fhormhuiniú. I gcás nach nglacann na Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Aarhus le seasamh an Aontais ina n-aithnítear na torthaí i gcás ACCC/C/2015/128, ba cheart don Aontas a mholadh go ndéanfaí cinneadh maidir leis an gcuid sin de Chinneadh VII/8f a bhaineann le cás ACCC/C/2015/128 ar leithligh agus ba cheart don Aontas diúltú do ghlacadh na coda sin de chinneadh VII/8f d'fhonn cinnteoireacht maidir le torthaí an Choiste um Chomhlíonadh a chur ar athló. I gcás nach mbeidh sé indéanta cinneadh maidir leis an gcuid sin de Chinneadh VII/8f a dhéanamh ar leithligh, ba cheart don Aontas, tar éis dó gach iarracht a dhéanamh chun teacht ar réiteach chuige sin, agus mar rogha dheireanach, glacadh chinneadh VII/8f ina iomláine a chur ar athló go dtí an chéad seisiún eile de Chruinniú na bPáirtithe.

(14) Baineann torthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2013/96 le comhlíontacht an Aontais i dtaca le glacadh liosta de "Tionscadail Leasa Choitinn" ag an gCoimisiún.

(15) Baineann torthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2014/121 le comhlíontacht an Aontais i ndáil le ceadanna a athmheas nó a nuashonrú faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(16) Baineann torthaí an Choiste Chomhlíonadh sa tuarascáil ar chur chun feidhme iarraidh ACCC/M/2017/3 leis an obair leantach ar chinneadh V/9g (cás ACCC/C/2010/54, arna fhormhuiniú ag Cruinniú na bPáirtithe in 2014).

(17) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe a bhunú, ós rud é go mbeidh cinneadh VII/8f ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus ("Cruinniú na bPáirtithe") maidir le cinneadh VII/8f i ndáil le cé acu an gcomhlíonann an tAontas a chuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Aarhus ("cinneadh VII/8f") a mhéid a bhaineann le cás ACCC/C/2008/32, glacadh le cinneadh VII/8f agus torthaí agus moltaí an Choiste um Chomhlíonadh a fhormhuiniú. Áiritheoidh an tAontas, áfach, go ndéanfar na pointí seo a leanas a léiriú sa chinneadh sin:

— léireofar i gcinneadh VII/8f gur díol sásaimh é go bhfuil gach beart is gá déanta ag an Aontas chun a áirithiú go gcomhlíonfar torthaí an Choiste um Chomhlíonadh; agus

— daingneofar le cinneadh VII/8f go mbeidh na moltaí ón gCoiste um Chomhlíonadh maidir le Cás ACCC/C/2008/32 comhlíonta go hiomlán ag an Aontas a luaithe a thiocfaidh na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 i bhfeidhm.

Sa ráiteas maidir le cinneadh VII/8f a mhéid a bhaineann le cás ACCC/C/2008/32, leagfaidh an tAontas béim ar an ról lárnach atá ag cúirteanna náisiúnta an Aontais mar ghnáthchúirteanna dhlí an Aontais agus ag córas an réamhrialaithe faoi Airteagal 267 CFAE mar mhodh bailí sásaimh.

Airteagal 2

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe maidir le cinneadh VII/8f a mhéid a bhaineann le cás ACCC/C/2015/128, gan torthaí an Choiste um Chomhlionadh a fhormhuiniú, ach ina ionad sin aitheantas a thabhairt do na hábhair imní agus na torthaí ón gCoiste um Chomhlíonadh agus a mholadh go gcuirfí glacadh an tseasaimh maidir leis na torthaí sa chás sin ar athló chuig an gcéad seisiún eile de Chruinniú na bPáirtithe.

2. D'fhonn bonn cirt a bheith leis an iarraidh maidir le cur ar athló den sórt sin agus d'fhonn a chruthú go bhfuil sé ullamh obair leantach a dhéanamh gan mhoill ar thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcás ACCC/C/2015/128, dearbhóidh an tAontas, i gcomhthéacs an nós imeachta reachtaigh maidir leis an leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006, go ndearna an Coimisiún ráiteas ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

— luaigh sé go bhfuil sé ag déanamh anailís faoi láthair ar impleachtaí na dtorthaí agus go bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar na roghanna atá ar fáil;

([5]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17).

— tá gealltanas tugtha aige freisin go ndéanfaidh sé an measúnú sin a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2022;

— gheall sí go gcuirfidh sí bearta chun cinn, más iomchuí, faoi dheireadh 2023 chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist, i bhfianaise na n-oibleagáidí atá ar an Aontas agus a Bhallstáit faoi Choinbhinsiún Aarhus agus rialacha dhlí an Aontais maidir le státchabhair á gcur san áireamh.

Déanfar an ráiteas ón gCoimisiún a chur ar fáil do na Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Aarhus agus don Choiste um Chomhlíonadh roimh an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe.

3. I gcás nach nglacfadh na Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Aarhus leis an seasamh arna ghlacadh thar ceann an Aontais i gcás ACCC/C/2015/128 dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, is é an seasamh a bheidh le glacadh, ina ionad sin, thar ceann an Aontais ag an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe maidir le cinneadh VII/8f a mhéid a bhaineann le ACCC/C.2015/128, cinneadh maidir leis an gcuid sin de chinneadh VII/8f a bhaineann le cás ACCC/C/2015/128 a dhéanamh ar leithligh, agus glacadh na coda sin de chinneadh VII/8f a dhiúltú d'fhonn cinnteoireacht ar thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh sin a chur ar athló go dtí an chéad seisiún eile de Chruinniú na bPáirtithe.

4. Más rud é, d'ainneoin dianchomhairliúcháin le Biúró Choinbhinsiúin Aarhus agus leis na Páirtithe eile i gCoinbhinsiún Aarhus, nach féidir cinneadh maidir leis an gcuid sin de chinneadh VII/8f a bhaineann le cás ACCC/C/C/2015/128 a dhéanamh ar leithligh agus nach féidir cinnteoireacht sa chás seo a chur ar athló, agus formhuiniú á dhéanamh ar na codanna sin de chinneadh VII/8f a bhaineann le cásanna ACCC/C/2008/32, ACCC/C/2013/96, ACCC/C/2014/121 agus ACCC/C/2010/54 san am céanna, agus go gcinnfidh an tAontas le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, tar éis dó gach iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach chuige sin, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe maidir le cinneadh VII/8f a mhéid a bhaineann le cás ACCC/C/2015/128, mar rogha dheireanach, glacadh chinneadh VII/8f ina iomláine a chur ar athló go dtí an chéad seisiún eile de Chruinniú na bPáirtithe.

Airteagal 3

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe maidir le cinneadh VII/8f a mhéid a bhaineann le cásanna ACCC/C/2013/96 agus ACCC/C/2014/121 agus le hiarraidh ACCC/M/2017/3 i ndáil le cinneadh V/9g (cás ACCC/C/2010/54), torthaí agus moltaí an Choiste um Chomhlíonadh i gcinneadh VII/8f a fhormhuiniú.

Airteagal 4

Féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair agus i bhfianaise caibidlíochtaí féideartha maidir le cinneadh VII/8f le linn an seachtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe, comhaontú le mionchoigeartú ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, Airteagal 2 agus Airteagal 3 gan aon chinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 11 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. PODGORŠEK